Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Bealtaine 2021
(OR. en)

8721/21

LIMITE

JUR 278
ENV 303
JUSTCIV 87
INF 140
ONU 46
CODEC 691

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0289(COD)**

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Togra ón gCoimisiún maidir le Rialachán lena leasaítear 'Rialachán Aarhus' (Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006)<br>– Raon feidhme an togra, agus Comhairle 2021 ón gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus maidir leis an togra |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 3 Nollaig 2020, le linn físchomhdháil neamhfhoirmiúil, d'iarr comhaltaí na Meithle um an gComhshaol ar Sheirbhís Dlí na Comhairle (SDC) tuairim i scríbhinn a sholáthar maidir le raon feidhme an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí Comhphobail (an 'Togra')[3].

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.
[2] Dá ngairtear 'Rialachán Aarhus' anseo feasta.
[3] COM(2020) 642 final.

2. Bhain an iarraidh ar thuairim ó SDC leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) an bhfuil sé comhoiriúnach le hAirteagal 263, an ceathrú mír, CFAE gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a bheith san áireamh sa sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin' in Airteagal 1(1) den Togra (a bheidh faoi réir an chórais athbhreithnithe inmheánaigh de bhun Airteagal 10 de Rialachán Aarhus); agus

b) an áirítear sa sainmhíniú sin (i) cinntí ón gComhairle arna nglacadh de bhun Airteagal 218 CFAE, agus (ii) gníomhartha arna nglacadh ar bhonn an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ('Conradh Euratom').

3. An tráth céanna, iarradh ar SDC an tuairim dhlíthiúil sin a sholáthar mar aon le measúnú ar an gcomhairle arna soláthar ag an gCoiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus ('ACCC') maidir leis an Togra, a luaithe a eisíodh an chomhairle sin ó ACCC. Bhí iarrtha ag an gCoimisiún ar ACCC an chomhairle nua sin a sholáthar an tráth ar glacadh an Togra uaidh, ós rud é go raibh an Togra ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir ACCC in iúl in 2017 maidir leis an Aontas a bheith ag comhlíonadh a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Choinbhinsiún Aarhus. Cuireadh na hábhair imní sin in iúl i dtorthaí de chuid ACCC a glacadh an 17 Márta 2017 (dá ngairtear 'Torthaí ACCC 2017' anseo feasta)[4]. Eisíodh comhairle ACCC maidir leis an Togra ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 (dá ngairtear 'Comhairle ACCC 2021' anseo feasta)[5].

4. Is é is aidhm don tuairim seo i scríbhinn freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin agus pléifear ar dtús inti leis na ceisteanna a d'ardaigh toscaireachtaí maidir le raon feidhme an Togra, mar a leagtar amach thuas i mír 2, agus ansin déanfar trácht inti ar Chomhairle ACCC 2021, ag tógáil ar thuairim SDC a leagtar amach i ndoiciméad 8445/17 an 25 Aibreán 2017 (dá ngairtear 'Tuairim SDC 2017' anseo feasta) ina ndearnadh anailís, i measc saincheisteanna eile, ar Thorthaí ACCC 2017.

---

4 Torthaí agus Moltaí ACCC maidir le Teachtaireacht ACCC/2008/32 (cuid II), a bhaineann le 'Cás C-32'.

5 https://unece.org/sites/default/files/2021-02/M3_EU_advice_12.02.2021.pdf .



PUBLIC

5. Tugann SDC dá aire gur dhearbhaigh an tAontas i mí Mheán Fómhair 2017, ag an gcruinniú deireanach a bhí ag na Páirtithe sa Choinbhinsiún, tar éis Thorthaí 2017 ACCC, go '*leanfadh sé de bheith ag féachaint ar bhealaí agus modhanna inar féidir Coinbhinsiún Aarhus a chomhlíonadh ar dhóigh atá go hiomlán comhoiriúnach le bunphrionsabail ord dlíthiúil an Aontais agus lena chóras um athbhreithniú breithiúnach (...)*'. Measann SDC go bhfuil sé thar raon feidhme na tuairime seo aghaidh a thabhairt ar cháineadh ACCC ar chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh an Aontais, dá bhforáiltear sa dlí príomha, arna léirmhíniú ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ní dhéantar anailís ar an gcáineadh sin sa tuairim seo.

## II. <u>COMHTHÉACS FÍORASACH AGUS DLÍTHIÚIL</u>

6. Meabhraítear gur síníodh Coinbhinsiún Aarhus[6] thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh in 1998 agus gur tugadh i gcrích é in 2005[7].

Sonraítear in Airteagal 9(3) ('*Rochtain ar an gceartas*') de Choinbhinsiún Aarhus:
*'(...) 3. Ina theannta sin agus gan dochar do na nósanna imeachta athbhreithnithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thuas, déanfaidh 'gach Páirtí sa Choinbhinsiún a áirithiú, <u>i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos sa dlí náisiúnta, go mbeidh rochtain ag an bpobal ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha agus neamhghníomhartha daoine príobháideacha agus údarás poiblí a sháraíonn forálacha an dlí náisiúnta i ndáil leis an gcomhshaol'</u>* (fo-líniú curtha isteach).

---

6 Coinbhinsiún UNECE maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar chearta i gcúrsaí comhshaoil.
7 Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirteachas an phobail sa phróiseas cinnteoireachta agus rochtain ar cheartas in ábhair chomhshaoil, IO L 124, 17.5.2005, lch. 1-3.


PUBLIC

7. I ndáil leis an méid sin, chun foráil a dhéanamh maidir le bearta a bhaineann, *inter alia*, le rochtain ar cheartas a mhéid a bhaineann le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán Aarhus. Ós rud é nach mbaineann Rialachán Aarhus ach le Coinbhinsiún Aarhus a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais, agus nach mbaineann sé ach le ceann amháin de na leigheasanna atá ar fáil do dhaoine aonair chun comhlíonadh dhlí comhshaoil an Aontais a áirithiú, is é seasamh comhsheasmhach na Cúirte Breithiúnais é nach bhfuil i Rialachán Aarhus ach ceann amháin de na hionstraimí lena gcomhlíontar na hoibleagáidí a eascraíonn as Coinbhinsiún Aarhus**[8]**.

Sna cásanna sin, ba é seasamh na Cúirte Breithiúnais é freisin nach féidir brath ar Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht Rialachán Aarhus, toisc nach bhfuil ábhar na forála sin neamhchoinníollach ná nach bhfuil sé beacht go leor**[9]**.

8. Is i bhfianaise an chúlra dlí sin a leag ACCC**[10]** amach Torthaí 2017 dá chuid. Ba iad na Torthaí sin nach raibh an tAontas go hiomlán i gcomhréir lena oibleagáidí faoi Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus. Is féidir achoimre a dhéanamh ar Thorthaí ACCC 2017 mar a leanas:

   a) Baineann an chéad toradh leis an <u>teorannú ar ghníomhartha an Aontais a fhéadfaidh a bheith ina n-ábhar athbhreithnithe inmheánaigh</u> faoi Rialachán Aarhus do <u>ghníomhartha a bhfuil raon feidhme aonair acu</u>. Mheas ACCC nach dtacaíonn an Coinbhinsiún le srian den sórt sin, ós rud é go dtagraítear in Airteagal 9(3) do 'gníomhartha' go ginearálta**[11]**.

---

**8** C-784/18 P, *Mellifera v an Coimisiún*, EU:C:2020:630, mír 88; Cásanna Uamtha C-404/12 P agus C-405/12 P, *Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach v Stichting Natuur en Milieu agus an Gréasán Gníomhaíochta in Éadan Lotnaidicídí san Eoraip*, EU:C:2015:5, mír 52; Cásanna Uamtha C-401/12 P agus C-403/12 P, *Comhairle an Aontais Eorpaigh agus eile v Vereniging Milieudefensie agus Stichting Stop Luchtverontreiniging Utrecht*, EU:C:2015:4, mír 60.

**9** Cásanna Uamtha C-404/12 P agus C-405/12 P, *ibid.*, míreanna 46-47; Cásanna Uamtha C-401/12 P agus C-403/12 P, *ibid.*, míreanna 54-55.

**10** Bunaíodh ACCC le Cinneadh I/7, arna ghlacadh ag an gcéad Chruinniú de chuid na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus, in 2004, *'chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil na Páirtithe ag comhlíonadh a gcuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún.'* Is ag Cruinniú na bPáirtithe, áfach, atá an chumhacht cinneadh a dhéanamh i dtaobh dearbhú faoi dheireadh maidir le neamhchomhlíonadh – féach mír 37 de roinn XII de Chinneadh I/7 *('Breithniú ag Cruinnithe na bPáirtithe').*

**11** Féach míreanna 53 agus 95 de Thorthaí ACCC 2017.


PUBLIC

b) Baineann an dara toradh le srianadh an chirt chun údaráis i Rialachán Aarhus do 'eintitis cháilithe', cé go dtagraítear sa Choinbhinsiún freisin do bhaill den phobal[12].

c) Baineann an tríú toradh leis an teorannú i Rialachán Aarhus ar an gcineál gníomhartha Aontais a bhféadfar agóid a dhéanamh ina n-aghaidh do na gníomhartha sin arna nglacadh 'faoi' dhlí comhshaoil cé go dtagraítear sa Choinbhinsiún do ghníomhartha lena ndéantar 'sárú' ar an dlí comhshaoil[13].

d) Baineann an ceathrú toradh leis an bhfíric nach dtagann ach gníomhartha Aontais a bhfuil 'éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí' acu faoi raon feidhme Rialachán Aarhus, rud a chinn ACCC atá róshriantach[14].

9. I ndiaidh Thorthaí ACCC 2017, ag an 6ú seisiún a bhí aige i Meán Fómhair 2017, chinn Cruinniú na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus de chomhthoil an plé ar dhréachtchinneadh VI/8f maidir leis an Aontas Eorpach[15] a chur ar athló go dtí an chéad ghnáthsheisiún eile de Chruinniú na bPáirtithe a thionólfar in 2021. An tráth céanna, d'iarr Cruinniú na bPáirtithe ar ACCC athbhreithniú a dhéanamh ar aon fhorbairtí a tharla maidir leis an méid thuas, agus tuairisciú do Chruinniú na bPáirtithe dá réir sin[16].

12 Ibid., féach mír 94.
13 Ibid., féach míreanna 99-101.
14 Ibid., féach mír 104.
15 Dréachtchinneadh VI/8f maidir le comhlíonadh a chuid oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún ag an Aontas Eorpach.
16 An Coimisiún Eacnamaíoch don Eoraip – Cruinniú na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, Tuarascáil ar an séú seisiún de Chruinniú na bPáirtithe, míreanna 62 agus 63.
https://unece.org/fileadmin/DAM/env/pp/mop6/English/ECE_MP.PP_2017_2_E.pdf



PUBLIC

PUBLIC

10. Ina dhiaidh sin, i mí Dheireadh Fómhair 2019 d'fhoilsigh an Coimisiún staidéar[17] ar roghanna an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí sin. D'iarr an Chomhairle an staidéar i gCinneadh (AE) 2018/8819[18]. Sa Chinneadh sin freisin, iarradh ar an gCoimisiún, dá mba iomchuí, togra reachtach a dhéanamh maidir leis an ábhar sin. Leanann an Togra as an iarraidh sin.

11. Tugtar aghaidh sa Togra ar an gcéad cheann agus an tríú ceann de Thorthaí 2017 ACCC, eadhon na cinn sin a bhaineann le teorannú na ngníomhartha a fhéadfaidh a bheith ina n-ábhar athbhreithnithe inmheánaigh dóibh sin (i) a bhfuil raon feidhme aonair acu, agus (ii) arna nglacadh *'faoin'* dlí comhshaoil.

12. Seo a leanas an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar 'gníomh riaracháin' faoi Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus: *'(...) ciallaíonn 'gníomh riaracháin' aon bheart a bhfuil raon feidhme aonair aige faoin dlí comhshaoil, arna dhéanamh ag institiúid nó comhlacht Comhphobail, agus a bhfuil éifeachtaí seachtracha aige atá ceangailteach ó thaobh dlí; (...)'.*

13. Faoi Airteagal 1(1) den Togra, áirítear anois gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu laistigh den sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin' a chumhdaítear le Rialachán Aarhus, agus soiléirítear ann go dtagann gníomhartha lena sáraítear an dlí comhshaoil, beag beann ar an mbunús dlí ar a nglactar iad, faoina raon feidhme[19].

---

[17] Staidéar ar chur chun feidhme Choinbhinsiún Aarhus ag an Aontas Eorpach i réimse na rochtana ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, Tuarascáil deiridh, Meán Fómhair 2019, 07.0203/2018/786407/SER/ENV.E.4.

[18] Cinneadh (AE) 2018/881 ón gComhairle an 18 Meitheamh 2018 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh faoi roghanna an Aontais maidir le haghaidh a thabhairt ar thorthaí an Choiste um Chomhlíonadh Choinbhinsiún Aarhus i gcás ACCC/C/2008/32 agus, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir, togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006, IO L 155, 19.6.2018, lch. 6-7.

[19] Airteagal 1 *'1. Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 mar a leanas:*
*1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(1)(g):*
*'(g) ciallaíonn 'gníomh riaracháin' aon ghníomh neamhreachtach a ghlacann institiúid nó comhlacht an Aontais, a bhfuil éifeachtaí seachtracha aige atá ceangailteach ó thaobh dlí agus lena bhfuil forálacha a fhéadfaidh, de bharr a n-éifeachtaí, dlí an chomhshaoil a shárú laistigh de bhrí pointe (f) d'Airteagal 2(1), ach amháin forálacha an ghnímh sin a gceanglaítear leo go sainráite, de réir dlí an Aontais, bearta cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta;(...)* (fo-líniú curtha isteach).

14. Foráiltear le hAirteagal 1(1) den Togra freisin nach féidir athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar ghníomhartha Aontais (nó ar a bhforálacha) a cheanglaítear a chur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát. I gcás gníomh neamhreachtach de chuid an Aontais a cheanglaítear a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, áfach, foráiltear le hAirteagal 1(2) gur féidir athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha an ghnímh sin mar aon le hathbhreithniú inmheánach ar na bearta cur chun feidhme sin, a luaithe a ghlacfar iad[20].

15. Rinneadh Cur Chuige Ginearálta na Comhairle maidir leis an Togra a fhormheas an 17 Nollaig 2020[21]. Faoin gCur Chuige Ginearálta, rinneadh Airteagal 1(1) agus (2) a athdhréachtú mar a leanas[22]:

*'Airteagal 1*
*Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 mar a leanas:*
*1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2(1)(g):*
*'(g) ciallaíonn 'gníomh riaracháin' aon ghníomh neamhreachtach a ghlacann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, a bhfuil éifeachtaí seachtracha aige atá ceangailteach ó thaobh dlí (...)*[23]*;*

*2. Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:*
*(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:*
*'1. Tá aon eagraíocht neamhrialtasach a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 11 i dteideal athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar an institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais*

ag a bhfuil gníomh riaracháin glactha, nó i gcás neamhghníomh riaracháin líomhnaithe, ar cheart dó gníomh den chineál sin a ghlacadh, ar fhorais go sáraíonn gníomh nó neamhghníomh den chineál sin dlí an chomhshaoil de réir bhrí phointe (f) d'Airteagal 2(1).

---

20 Airteagal 1(2) 'Leasaítear *Airteagal 10* (de Rialachán Aarhus) *mar a leanas:*
*(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:*
*'1. (...)*
*I gcás ina bhfuil gníomh riaracháin ina bheart cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais a éilítear le gníomh neamhreachtach eile, féadfaidh an eagraíocht neamhrialtasach athbhreithniú ar fhoráil an ghnímh neamhreachtaigh a iarraidh, gníomh a bhfuil beart cur chun feidhme á éileamh tráth a iarrtar athbhreithniú an bhearta cur chun feidhm sin.*' (fo-líniú curtha isteach).

21 ST 13937/20.

22 Líne curtha faoin méid a cuireadh isteach.

23 Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 10(a) nua:
'*(10a) I gcomhréir le cásdlí CBAE, meastar go mbíonn gníomh ceangailteach ó thaobh dlí, agus dá bhrí sin, gur féidir é a bheith faoi réir iarraidh ar athbhreithniú, beag beann ar a fhoirm, toisc go ndéantar a chineál ceangailteach ó thaobh dlí a mheas i ndáil lena éifeachtaí, lena chuspóir agus lena inneachar.*' (lua an chásdlí fágtha ar lár).



PUBLIC

*Na forálacha gníomhartha riaracháin sin a gceanglaítear go sainráite ina leith, le dlí an Aontais, bearta cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta, ní fhéadfaidh siad a bheith ina n-ábhar d'iarraidh ar athbhreithniú inmheánach. (...).*

*I gcás ina bhfuil gníomh riaracháin ina bheart cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais a éilítear le gníomh neamhreachtach eile, féadfaidh an eagraíocht neamhrialtasach, áfach, athbhreithniú ar fhoráil an ghnímh neamhreachtaigh a iarraidh, gníomh a bhfuil beart cur chun feidhme á éileamh tráth a iarrtar athbhreithniú an bhirt cur chun feidhm sin.'*

PUBLIC

16. Is féidir achoimre a dhéanamh ar Chomhairle ACCC 2021 maidir leis an Togra mar a leanas:

a) déantar athlua sa chéad toradh ar an gcáineadh a rinneadh in 2017 ar an srian ar údarás faoi Rialachán Aarhus do *'eintitis cháilithe'*[24];

b) baineann an dara toradh leis an sainmhíniú nua ar 'gníomh riaracháin' in Airteagal 2(1)(g); a gcuireann ACCC imní in iúl ina leith *'maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leis an téarma 'a ghlacann' a úsáid sa chomhthéacs seo agus an gcuirtear teorainn dá bharr le raon feidhme na ngníomhartha a fhéadfaidh a bheith faoi réir agóide faoi Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus' (aistriúchán neamhoifigiúil)*[25];

c) leis an tríú toradh, déantar athlua ar cháineadh ACCC ó 2017 gur ceanglas ró-shriantach é go mbeadh 'éifeachtaí atá ceangailteach ó thaobh dlí' ag na gníomhartha atá i gceist.[26];

d) sa cheathrú toradh ó ACCC, maidir le gníomhartha riaracháin (nó forálacha díobh) a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát a eisiamh ó raon feidhme Rialachán Aarhus, measann ACCC, cé go n-aithníonn sé nach féidir le hinstitiúidí nó comhlachtaí an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta cur chun feidhme na mBallstát, gur cheart é a bheith indéanta an gníomh Aontais a athbhreithniú a luaithe a ghlacfar na bearta náisiúnta cur chun feidhme sin[27]. (fo-líniú curtha isteach).

[24] Mír 37 de Chomhairle ACCC 2021.
[25] Ibid., mír 46.
[26] Ibid., míreanna 52-55.
[27] Ibid., míreanna 65-68.

17. Ar deireadh, molann ACCC freisin gur cheart don Aontas 'smaoineamh ar' na torthaí agus na moltaí maidir le teachtaireacht ACCC/C/2015/128 sa phróiseas reachtach, a luaithe a eiseofar iad. Baineann sé sin le heisiamh, i Rialachán Aarhus, cinntí maidir le bearta státchabhrach arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 108(2) CFAE. Ní thugtar isteach leis an Togra aon leasuithe ina leith sin. Eisíodh na torthaí sin ina dhiaidh sin, an 17 Márta 2021, agus ní cuid de na himeachtaí iad a bhfuil an Togra ceaptha aghaidh a thabhairt orthu[28]. Dá bhrí sin, níltear ag tabhairt aghaidh orthu sa tuairim seo ach oiread.

PUBLIC

## III. <u>RÉAMHBHARÚLACHA MAIDIR LE GNÉITHE DE RIALACHÁN AARHUS AGUS DE NA LEASUITHE AIR A BHEARTAÍTEAR</u>

### A. Na forálacha maidir le hathbhreithniú inmheánach agus rochtain ar cheartas

18. Roimh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a d'ardaigh na toscaireachtaí agus ACCC, is fiú príomhghnéithe an chórais athbhreithnithe inmheánaigh dá bhforáiltear le Rialachán Aarhus a leagan amach. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Choinbhinsiún Aarhus, nach bhfuil feidhm ag na forálacha sin maidir le hinstitiúidí an Aontais agus iad ag gníomhú i gcáil bhreithiúnach nó reachtach[29].

19. Meabhraítear go gceanglaítear le hAirteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus leigheasanna riaracháin <u>nó</u> leigheasanna breithiúnacha a bheith ar fáil i leith gníomhartha lena sáraítear an dlí comhshaoil. Ní cheanglaítear an dá rud ann.

20. Déantar foráil in Airteagal 10 de Rialachán Aarhus do chóras faoina ndéanfaidh eintitis cháilithe 'athbhreithniú inmheánach' i ndáil le 'gníomhartha riaracháin' de chuid institiúidí agus comhlachtaí Aontais faoin dlí comhshaoil.

---

[28] Cás C-32; féach fonóta 4 thuas.
[29] Airteagal 2(1)(c) de Rialachán Aarhus.

21. Eagraíochtaí neamhrialtasacha a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán ('eintitis cháilithe'), tá siad i dteideal a iarraidh ar institiúid nó comhlacht an Aontais a ghlac gníomh riaracháin den sórt sin (nó, i gcás neamhghníomh riaracháin líomhnaithe, ar cheart di nó dó gníomh den chineál sin a ghlacadh) athbhreithniú riaracháin inmheánach a dhéanamh ar an ngníomh sin. Ní mór don institiúid breithniú a dhéanamh ar aon iarraidh den sórt sin, ach amháin más léir nach bhfuil bunús léi, agus freagra i scríbhinn a sholáthar laistigh de thréimhse ama áirithe[30]. Is ionann sin agus cinneadh na hinstitiúide nó an chomhlachta maidir leis an athbhreithniú inmheánach.

PUBLIC

22. I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Aarhus, ansin féadfaidh an t-eintiteas cáilithe agóid a dhéanamh in aghaidh an chinnidh (nó na mainneachtana cinneadh a dhéanamh) maidir leis an athbhreithniú inmheánach, i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbaineann ceart caingne den sórt sin ach amháin leis an gcinneadh maidir leis an athbhreithniú inmheánach a díríodh chuig an eintiteas cáilithe (nó leis an mainneachtain cinneadh den sórt sin a ghlacadh má bhí sé i dteideal cinneadh den sórt sin a fháil). Mar shampla, féadfaidh eintiteas cáilithe athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar údarú margaíochta arna eisiúint ag an gCoimisiún do pháirtí eile. Féadfaidh sé agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an athbhreithnithe sin os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 263, an ceathrú mír, CFAE. Ní bhaineann caingean den sórt sin os comhair na Cúirte, áfach, le neamhniú féideartha an údaraithe margaíochta féin, rud nach bhfuil údarás ag an eintiteas cáilithe chun agóid a dhéanamh ina aghaidh. Ní bhaineann caingean an eintitis cháilithe os comhair na Cúirte ach le neamhniú féideartha chinneadh an Choimisiúin ar a iarraidh ar athbhreithniú inmheánach, arb é an seolaí é ina leith.

**B. An sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin'**

23. Ní mór aird a thabhairt freisin ar an sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin' faoi Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus.

30 Mura bhfuil sí in ann freagra a thabhairt in am, ní mór di an t-eintiteas cáilithe a chur ar an eolas faoi na cúiseanna lena neamhghníomh agus an tráth a bheartaíonn sí gníomhú.

24. I ndáil leis sin, rinne an Chúirt Ghinearálta scrúdú le déanaí féachaint, i gcás an tsainmhínithe atá ann faoi láthair ar ghníomhartha '*a bhfuil éifeachtaí seachtracha acu atá ceangailteach ó thaobh dlí*' faoi Airteagal 10 de Rialachán Aarhus, ar féidir athbhreithniú inmheánach a iarraidh ina leith, ar cheart é a léamh mar shainmhíniú atá ag teacht le foclaíocht Airteagal 263 CFAE. In *ClientEarth v BEI* (Cás T-9/19)[31], mheabhraigh an Chúirt Ghinearálta go bhféadfaidh toradh an nós imeachta um athbhreithniú riaracháin inmheánach dá bhforáiltear in Airteagal 10 a bheith faoi réir imeachtaí breithiúnacha os comhair na Cúirte de bhun Airteagal 12, agus nach mór na himeachtaí sin a thionscnamh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE.

Lean an Chúirt ar aghaidh: '*I bhfianaise an naisc atá ann dá bhrí sin idir coincheap gnímh a bhfuil 'éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí' aige, de réir bhrí Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus, agus coincheap gnímh a mbíonn éifeachtaí dlíthiúla aige i leith tríú páirtithe, de réir bhrí Airteagal 263, is réasúnach, ar mhaithe le comhsheasmhacht ghinearálta, an chéad choincheap a léirmhíniú i gcomhréir leis an gcoincheap deiridh*'[32] (aistriúchán neamhoifigiúil).

25. Dá bhrí sin, tá an Chúirt ag brath ar fhoclaíocht Airteagal 263 CFAE chun raon feidhme na ngníomhartha riaracháin a shainmhínítear in Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus a léirmhíniú, d'ainneoin nach ionann an fhoclaíocht a úsáidtear.

26. Thairis sin, tugtar ar aird nach mbaineann an sainmhíniú atá ann faoi láthair ar ghníomh riaracháin ach le gníomhartha a bhfuil 'raon feidhme aonair' acu. Eisiaitear cineálacha áirithe beart freisin ón sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin' faoi Rialachán Aarhus, de bhun Airteagal 2(2) de. Foráiltear leis sin nach n-áirítear sa sainmhíniú ar 'gníomh riaracháin' bearta arna ndéanamh ag institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais ina cáil nó ina cháil mar chomhlacht athbhreithnithe riaracháin, amhail i gcomhthéacs rialacha iomaíochta agus imeachtaí um shárú. Níor moladh aon athrú ar Airteagal 2(2).

---

**31** Cás T-9/19**,** *ClientEarth, v an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI),* EU:T:2021:42.

**32** Ibid.**,** mír 149. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an breithiúnas seo faoi achomharc faoi láthair, cé nach bhfuil na forais achomhairc poiblí fós (Cásanna C-212/21 P agus C-223/21 P).

27. Mar a míníodh, tá sé ina aidhm leis an Togra, arna leasú leis an gCur Chuige Ginearálta, an sainmhíniú ar ghníomh riaracháin a leathnú ionas go n-áireofar ann '*aon ghníomh neamhreachtach a ghlacann institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais, a bhfuil éifeachtaí seachtracha aige atá ceangailteach ó thaobh dlí'*, cé is moite díobh siúd a gceanglaítear go sainráite ina leith bearta cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Léirítear an t-eisiamh sin anois i leasú ar Airteagal 10 de Rialachán Aarhus, a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Togra, mar aon leis an eisceacht a bhaineann leis an bhféidearthacht athbhreithniú inmheánach ar bheart cur chun feidhme an Aontais a iarraidh, a luaithe a ghlacfar é, in éineacht le foráil an ghnímh neamhreachtaigh lena bhforáiltear don bheart cur chun feidhme sin. Áirítear leis an sainmhíniú sin bearta a bhfuil raon feidhme aonair acu agus bearta a bhfuil raon feidhme ginearálta acu.

PUBLIC

28. Tugtar ar aird go míníonn an Coimisiún, ina mheabhrán míniúcháin, gurb *'é is aidhm do leathnú an tsainmhínithe na bearta neamhreachtacha a chomhfhreagraíonn do 'gníomhartha rialála' faoin gceathrú mír d'Airteagal 263 CFAE a chumhdach'*[33]. Cuireann sé in iúl gurb amhlaidh, agus gníomhartha rialála a gceanglaítear bearta cur chun feidhme ina leith á n-eisiamh aige, gur lean sé cásdlí na Cúirte lena léirmhínítear Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE.

[33] Shoiléirigh an Chúirt Bhreithiúnais an coincheap 'gníomhartha rialála' i mbreithiúnas ón Mhór-Dhlísheomra an 3 Deireadh Fómhair 2013, *Inuit Tapiriit Kanatami a.o. v an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-583/11 P, EU:C:2013:625, míreanna 58 go 61). Sa bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt go dtagraítear leis an téarma do *'gníomhartha a bhfuil feidhm ghinearálta acu seachas gníomhartha reachtacha'*. Le déanaí, i mbreithiúnas ón Mór-Dhlísheomra an 6 Samhain 2018, *Scuola Elementare Maria Montessori v an Coimisiún,* léirigh an Chúirt go sonrach go gcumhdaítear leis an téarma gach gníomh neamhreachtach a bhfuil feidhm ghinearálta leis, gan eisceacht. (C-622/16 P, EU:C:2018:873, míreanna 24 go 28). Bhain an cás sin, áfach, le hiomaitheoirí de chuid tairbhithe cinnidh maidir le státchabhair, ar chinn an Chúirt ina leith go *'ndearna sé difear díreach dá staid dhlíthiúil'* (Ibid., mír 51, aistriúchán neamhoifigiúil) agus go raibh *'éifeachtaí aige a bhí uathoibríoch amháin ar bhonn rialacha AE astu féin gan rialacha idirmheánacha eile a chur i bhfeidhm'* (Ibid., mír 54, aistriúchán neamhoifigiúil).

29. Is fíor go bhfuil eisiamh gníomhartha neamhreachtacha a gceanglaítear bearta cur chun feidhme ina leith ón nós imeachta athbhreithniúcháin inmheánach ag freagairt d'eisiamh gníomhartha rialála a gceanglaítear na bearta sin ina leith ón bhféidearthacht go ndéanfadh iarratasóir nach bhfuil faoi phribhléid agóid de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE[34]. Measann SDC, áfach, gur féidir an sainmhíniú a bheartaítear ar ghníomhartha riaracháin, mar a leagtar amach in Airteagal 1(1) den Togra (arna mhodhnú leis an gCur Chuige Ginearálta), a léirthuiscint leis an gciall go gceadaítear d'eintitis cháilithe athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar aon bhearta neamhreachtacha de chuid an Aontais a bhfuil éifeachtaí seachtracha acu atá ceangailteach ó thaobh dlí, cibé acu an gcomhlíonann iarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid na coinníollacha eile in Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE nó nach gcomhlíonann (i.e. beag beann ar an féidir agóid a dhéanamh in aghaidh bearta den sórt sin de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE). Ní ach trí chomhléamh ar mhíreanna (1) agus (2) d'Airteagal 1 ar léir eisiamh (go páirteach ar a laghad) na féidearthachta athbhreithniú inmheánach a iarraidh ar ghníomhartha a gceanglaítear bearta cur chun feidhme ina leith.

Measann SDC go mbeadh sé inmholta é a dhéanamh níos soiléire, sa chuid oibríochtúil den téacs nó in aithris, go gcumhdaítear leis an gcoincheap 'gníomh riaracháin' gníomhartha a bhfuil raon feidhme aonair acu agus gníomhartha rialála ar féidir agóid a dhéanamh ina n-aghaidh de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE.

## IV. <u>COMHOIRIÚNACHT AN TOGRA LE HAIRTEAGAL 263, AN CEATHRÚ MÍR, CFAE</u>

30. Mhol toscaireachtaí áirithe, i gcás an leathnaithe atá beartaithe ar raon feidhme an athbhreithnithe inmheánaigh dá bhforáiltear le Rialachán Aarhus de bhreis ar ghníomhartha a bhfuil raon feidhme aonair acu, go mbeadh sé ar neamhréir le hAirteagal 263, an ceathrú mír, CFAE.

---

34 Ciallaíonn 'iarratasóir nach bhfuil faoi phribhléid' duine nádúrtha nó dlítheanach nach bhféadfaidh agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht gníomhartha Aontais os comhair na Cúirte ach amháin i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 263, an chéad mhír, an dara mír agus an ceathrú mír, CFAE. Ní gá do 'iarratasóir faoi phribhléid' (amhail Ballstát) coinníollacha an cheathrú mír den Airteagal sin a chomhlíonadh chun agóid den sórt sin a dhéanamh.



PUBLIC

PUBLIC

31. Mheas SDC an cheist sin roimhe seo i dtuairim SDC 2017. Sa tuairim sin, mhol sé go bhféadfaí, ó thaobh an dlí de, gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a bheith faoi réir ceart chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh faoi Rialachán Aarhus, ach d'aithin sé an tráth céanna gur cinnte go bhfágfadh leathnú den sórt sin ar an raon feidhme go mbeadh ualaí praiticiúla agus ualaí riaracháin ar institiúidí agus comhlachtaí an Aontais lena mbaineann (míreanna 30-36 de thuairim SDC 2017).

32. Sa chomhthéacs sin, mhínigh SDC go mbeadh cur chuige den sórt sin comhoiriúnach le cásdlí na Cúirte, ina léirítear gur féidir le páirtí seachas seolaí birt a mhaíomh go mbaineann an beart sin go díreach agus go leithleach leis féin i gcás ina ndíorthaítear cearta sonracha nós imeachta ann ó reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais. Braitheann raon feidhme beacht an chirt caingne sin, áfach, ar sheasamh dlí an pháirtí atá i gceist, mar a shainíonn reachtas an Aontais é i reachtaíocht ábhartha an Aontais, d'fhonn a leasanna dlisteanacha a chosaint. Mar a mhínítear i mír 22 thuas, ní fhágann an ceart caingne arna chruthú ag Rialachán Aarhus (an ceart chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh) gur féidir leis an mbeart substainteach atá i gceist a bheith faoi réir caingean le haghaidh neamhniú ag an bpáirtí sin ina dhiaidh sin. Ina ionad sin, baineann ceart caingne an pháirtí leis an gcinneadh maidir leis an athbhreithniú inmheánach, de bhun na gceart nós imeachta a tugadh dó le Rialachán Aarhus.

33. Dheimhnigh an Chúirt an cur chuige sin i roinnt cásanna, go háirithe i gcás *TestBioTech*[35], inar dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais d'agóid na n-achomharcóirí i leith chinneadh an Choimisiúin ar a iarraidh ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh ón gCoimisiún lena n-údaraítear táirgí a chur ar an margadh, ar táirgí iad ina bhfuil pónairí soighe géinmhodhnaithe áirithe, arb éard atá iontu pónairí soighe géinmhodhnaithe áirithe nó a tháirgtear as pónairí soighe géinmhodhnaithe áirithe. Chinn sí nár bhain athbhreithniú den sórt sin ach leis an athmheasúnú ar an údarú margaíochta atá i gceist, seachas leis an údarú margaíochta féin (míreanna 37-38)[36].

---

**35** Cás C-82/17 P, *TestBioTech eV a.o. v an Coimisiún*, EU:C:2019:719.

**36** Féach freisin Cás C-352/19 P, *Région de Bruxelles-Capitale v an Coimisiún*, inar dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais maidir le hAirteagal 9 de Choinbhinsiún Aarhus '*nach féidir an éifeacht a bheith aige modhnú a dhéanamh ar choinníollacha inghlacthachta caingne le haghaidh neamhniú a leagtar síos in Airteagal 263, an ceathrú mír*', EU:C:2020:978, mír 26 (aistriúchán neamhoifigiúil).

Sonraíodh ina theannta sin sa bhreithiúnas ag an gcéad chéim, maidir leis an eintiteas cáilithe a iarrfaidh athbhreithniú inmheánach, '*nach féidir leis a cheangal, ag deireadh an athbhreithnithe inmheánaigh, go ndéanfaidh an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann beart sonrach*' agus go bhfuil '*rogha na mbeart atá le glacadh tar éis athbhreithniú inmheánach go hiomlán lánroghnach* 'don institiúid nó comhlacht atá i gceist[37] (aistriúchán neamhoifigiúil).

34. Ar an gcaoi chéanna, i gCás T-108/17, *ClientEarth v an Coimisiún*[38], mhínigh an Chúirt Ghinearálta ar shlí réasúnta mionsonraithe an fáth a raibh cuntar éilimh an iarratasóra a bhí ag iarraidh an cinneadh údarúcháin a bhí i gceist a neamhniú inghlactha (míreanna 24-31), lena n-áirítear an fíoras go mbeadh éileamh den sórt sin contrártha do chóras na leigheasanna breithiúnacha a bunaíodh leis na Conarthaí. Lean sí ar aghaidh agus rinne sí breithniú ar (agus diúltú do) éilimh an iarratasóra maidir le neamhdhleathacht airbheartaithe chinneadh an Choimisiúin lenar diúltaíodh iarraidh an iarratasóra ar athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh údarúcháin sin.

35. Measann SDC gur féidir an cur chuige céanna a ghlacadh ó thaobh an dlí de i leith gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu, arna nglacadh ag institiúidí an Aontais, mar a leagtar amach sa Togra. Ar an gcaoi sin, i gcás eintiteas cáilithe nach mbeadh sé d'údarás aige agóid a dhéanamh in aghaidh glacadh gnímh den sórt sin, de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE, féadfar an ceart a dheonú dó athbhreithniú inmheánach ar an ngníomh sin a iarraidh, agus agóid a dhéanamh os comhair na Cúirte in aghaidh an chinnidh maidir leis an athbhreithniú inmheánach sin. Tá cur chuige den sórt sin comhoiriúnach le hAirteagal 263, an ceathrú mír, CFAE, cibé acu arb iad gníomhartha a bhfuil raon feidhme aonair acu lena mbaineann nó gníomhartha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu[39].

---

37 Cás T-177/13, *TestBioTech eV a.o. v an Coimisiún*, EU:T:2016:736, mír 55

38 EU:T:2019:215.

39 Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs agóid den sórt sin, nach féidir a eisiamh i gcásanna áirithe go bhféadfadh eintiteas cáilithe pléadáil neamhdhleathachta a agairt i ndáil leis an ngníomh riaracháin atá faoi réir athbhreithniú inmheánach, de bhun Airteagal 277 CFAE, cé go bhfuil na himthosca ina bhfuil pléadáil den sórt sin inghlactha sách dian.



PUBLIC

## V. GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH DE BHUN AIRTEAGAL 218 CFAE

36. D'iarr roinnt toscaireachtaí an bhféadfadh cinntí ón gComhairle arna nglacadh de bhun Airteagal 218 CFAE a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach, má leasaítear Rialachán Aarhus mar a bheartaítear. D'fhiafraigh toscaireachtaí go háirithe faoi chinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6) CFAE, maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, agus faoi Airteagal 218(5) CFAE, maidir le comhaontuithe den sórt sin a shíniú. Tabharfar aghaidh ar an dá chineál cinnidh ar a seal, sula dtagrófar do chinntí de bhun Airteagal 218(3) agus (4) CFAE, agus do chinntí de bhun Airteagal 218(9) CFAE. Meabhraítear gur gníomhartha dlí ceangailteacha de chuid an Aontais iad gach cinneadh den sórt sin de bhun Airteagal 288 CFAE.

PUBLIC

### A. Cinntí ón gComhairle faoi Airteagal 218(6) CFAE

37. Maidir le cinntí ón gComhairle lena bhformheastar comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 218(6) CFAE, is léir go bhfuil siad ceangailteach ó thaobh dlí agus go bhféadfaidh iarratasóirí faoi phribhléid agóid a dhéanamh ina n-aghaidh. Thairis sin, is é rialú comhsheasmhach na Cúirte é gurb amhlaidh, de bhua Airteagal 216(2) CFAE, i gcás ina dtugann an tAontas Eorpach comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích, go bhfuil siad ina gceangal ar a institiúidí[40].

38. Níor rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go sonrach, áfach, ar an gceist maidir le himthosca a bheith ann ina bhféadfadh iarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí den sórt sin de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE. Tá sé ráite ag an gCúirt Ghinearálta in *obiter dictum* i gcás maidir le tionscnaimh ó shaoránaigh (amhail dá bhforáiltear in Airteagal 11 CAE agus in Airteagal 24 CFAE), go mbíonn '*éifeachtaí dlíthiúla neamhspleácha*' ag cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6) CFAE, ós rud é go bhfuil *'athrú ar dhlí an Aontais Eorpaigh'* i gceist le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, toisc go n-áirítear an comhaontú i gcreat dlíthiúil an Aontais[41], gan rialú sainráite a dhéanamh ar an ábhar.

---

[40] Féach Cás C-366/10, *Air Transport Association of America a.o. v an Rúnaí Stáit um Fhuinneamh agus an Athrú Aeráide*, EU:C:2011:864, mír 50, agus an cásdlí a luaitear ansin. Meabhraítear, de réir cásdlí seasmhach, nach bhféadfaidh comhaontuithe idirnáisiúnta a bheith faoi réir caingean le haghaidh neamhniú; féach Cásanna Uamtha C-402/05 P agus C-415/05 P, *Kadi agus Al Barakaat International Foundation v an Chomhairle agus an Coimisiún*, EU:C:2008:461, mír 286.

[41] T-754/14, *Efler agus eile v an Coimisiún*, EU:T:2017:323, mír 43.

39. An cheist sin i dtaobh an bhféadfaidh iarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí a ghlactar de bhun Airteagal 218(6) CFAE, tá sí á breithniú ag an gCúirt Ghinearálta i roinnt cásanna atá ar feitheamh.

PUBLIC

40. Tá *Front Polisario* bainteach le dhá cheann de na cásanna sin. I gCás T-279/19, tá *Front Polisario* ag déanamh agóid in aghaidh Chinneadh ón gComhairle[42] maidir le tabhairt i gcrích leasuithe áirithe ar dhá Phrótacal den Chomhaontú Comhlachais Eora-Mheánmhara le Maracó. I gCás T-344/19, tá *Front Polisario* ag déanamh agóid in aghaidh Chinneadh (AE) 2019/441 ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas agus Ríocht Mharacó, an prótacal gaolmhar cur chun feidhme agus an Malartú Litreacha a ghabhann leis an gComhaontú[43]. Tá an cheist údaráis i gceist sa dá chás. Leanann na cásanna sin dhá bhreithiúnas a bhain le Cinneadh roimhe sin ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6) CFAE, inar cinneadh go raibh údarás ag *Front Polisario* ag an gcéad chéim, ach cuireadh ar neamhní an rialú sin ar achomharc[44].

41. Tá cásanna eile ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta ina n-ardaítear an cheist chéanna maidir le húdarás i leith an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe[45]. Ba cheart go soiléireofaí leis na cásanna sin freisin an seasamh maidir leis na himthosca, más ann dóibh, inar féidir le hiarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí den sórt sin.

42. Moltar go n-áirítear sna breithnithe ábhartha cineál an chinnidh atá i gceist, cineál an chomhaontaithe lena mbaineann, agus aon chearta nó oibleagáidí de chuid tríú páirtithe dá bhforáiltear leis an gcomhaontú.

---

42 Cinneadh 2019/217/AE ón gComhairle an 18 Eanáir 2019 maidir le Comhaontú a thabhairt i gcrích i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó maidir le leasú a dhéanamh ar Phrótacail 1 agus 4 a ghabhann le Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Ríocht Mharacó, den pháirt eile (IO L 34, 6.2.2019, lch. 1).

43 IO L 77, 20.3.2019, lch. 4.

44 Cás T-512/12, *Front Polisario v an Chomhairle*, EU:T:2015:953, a cuireadh ar neamhní ar achomharc le Cás C-104/16 P, *an Chomhairle v Front Polisario*, EU:C:2016:973.

45 Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle an 30 Eanáir 2020 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis (IO L 29, 31.1.2020, lch. 1). Féach na cásanna ar feitheamh, Cásanna T-198/20, *Shindler a.o. v an Chomhairle;* T-231/20, *Price v an Chomhairle;* T-252/20, *Silver v an Chomhairle.*

Baineann breithniú breise leis an bhfíric go gceanglaítear, i mórán cásanna, bearta cur chun feidhme éagsúla i leith comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas sular féidir leo difear a dhéanamh do sheasamh dlíthiúil tríú páirtithe. Sna cásanna sin, is iad na bearta cur chun feidhme (cibé acu ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta) a bhféadfar agóid a dhéanamh ina n-aghaidh i gcomhréir le córas athbhreithnithe bhreithiúnaigh an Aontais (lena n-áirítear réamhthagairt fhéideartha don Chúirt Bhreithiúnais ag cúirt náisiúnta a bhfuil díospóid os a comhair i ndáil le bearta cur chun feidhme den sórt sin). I gcás ina gceanglaítear bearta cur chun feidhme den sórt sin, is léir nach féidir agóid a dhéanamh, in aon chás, de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE in aghaidh chinneadh ón gComhairle maidir le comhaontú idirnáisiúnta den sórt sin a thabhairt i gcrích.

43. Mar chonclúid, measann SDC nach léir go fóill an féidir caitheamh le cinntí ón gComhairle lena bhformheastar tabhairt i gcrích comhaontuithe idirnáisiúnta, in imthosca áirithe ar a laghad, mar chinntí ar féidir agóid a dhéanamh ina n-aghaidh de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE. In éagmais cásdlí soiléir maidir leis an ábhar, ní féidir a shonrú nach féidir le hiarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid agóid a dhéanamh choíche in aghaidh na gcinntí sin.

44. Dá bhrí sin, fágann an leathnú ar raon feidhme an tsainmhínithe ar 'gníomhartha riaracháin' sa Togra nach féidir a eisiamh i gcásanna áirithe go bhféadfaidh eintitis cháilithe, de réir bhrí Rialachán Aarhus, a bheith i dteideal a iarraidh ar an gComhairle athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar chinntí den sórt sin, nó ar a laghad go mbeidh forais acu lena áitiú go bhfuil sé de cheart acu é sin a dhéanamh, agus go mbeidís in ann agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an athbhreithnithe inmheánaigh sin os comhair na Cúirte ina dhiaidh sin.

45. Le linn an phlé ar an Togra, moladh go neamhfhoirmiúil nach féidir a mheas go dtagann cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6) CFAE faoi raon feidhme an athbhreithnithe inmheánaigh dá bhforáiltear ansin. Áitítear nach é an cuspóir atá le cinntí den sórt ach tabhairt i gcrích an chomhaontaithe idirnáisiúnta a cheadú, agus dá bhrí sin gur cinneadh de chineál nós imeachta atá ann agus, mar sin, nach féidir staid dhlíthiúil daoine nádúrtha nó dlítheanacha a athrú ná difear a dhéanamh dá leasanna dá bharr.



PUBLIC

46. I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 38, 42 agus 43 thuas, áfach, measann SDC nach bhfuiltear cinnte an nglacfadh an Chúirt leis an áitiú sin.

**B. Cinntí ón gComhairle faoi Airteagal 218(5) CFAE**

47. Féadfar idirdhealú a dhéanamh idir an staid maidir le cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(5) CFAE maidir le comhaontú idirnáisiúnta a shíniú agus cinntí maidir le tabhairt i gcrích faoi Airteagal 218(6) CFAE.

48. Measann SDC go bhfuil forais láidre ann lena áitiú nach féidir le cinneadh ón gComhairle lena bhforáiltear do shíniú comhaontaithe idirnáisiúnta, agus an méid sin amháin, a bheith ina ábhar caingne ag iarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE. Leis na cinntí sin, ní dhéantar ach síniú an chomhaontaithe atá i gceist a údarú agus údarú d'Uachtarán na Comhairle an duine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige an comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais[46].

49. Níl an seasamh chomh soiléir céanna, áfach, i gcás ina gcuimsítear freisin sa chinneadh ón gComhairle maidir le síniú forálacha maidir le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe idirnáisiúnta iomláin nó cuid de. Cuirtear forálacha uile an chomhaontaithe nó roinnt díobh i bhfeidhm mar sin leis an gcinneadh maidir leis an síniú féin, sula ndéantar an cinneadh maidir le tabhairt i gcrích ina dhiaidh sin. Fágann sin go bhféadfaí a mheas go bhfuil cinneadh maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach, i dtéarmaí na n-éifeachtaí dlíthiúla a d'fhéadfadh a bheith aige ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, coibhéiseach le héifeachtaí dlíthiúla cinntí ar thabhairt i gcrích, agus bheadh na breithnithe a leagtar amach i mír 38 agus i mír 42 go mír 46 thuas ábhartha freisin.

---

46 I gcásanna áirithe féadfaidh forálacha a bheith ann freisin maidir le coinníollacha a bheidh le comhlíonadh sula dtabharfar an comhaontú i gcrích. Féach, mar shampla, Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2019/1915 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise i ndáil le heisiúint víosaí a éascú (IO L 297, 18.11.2019, lch. 1-2): '*Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar shlándáil agus ar shláine chóras eisiúna na Bealarúise de phasanna taidhleoireachta bithmhéadracha agus a sonraíochtaí teicniúla, agus cuirfidh sé a mheasúnú in iúl don Chomhairle. Déanfaidh an Chomhairle cinneadh, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.*'



PUBLIC

**C. Cinntí ón gComhairle faoi Airteagal 218(3) agus (4) CFAE**

50. Le míreanna (3) agus (4) d'Airteagal 218 CFAE, déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht i leith comhaontú idirnáisiúnta, lena n-ainmnítear an t-idirbheartaí nó ceannaire na foirne caibidlíochta, lena ndírítear treoracha chuig an idirbheartaí, agus lena n-ainmnítear coiste speisialta nach mór an chaibidlíocht a sheoladh i gcomhairle leis.

51. De réir cásdlí bunaithe, ní mór a mheas gurb ionann cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(3) agus (4) CFAE agus gníomh ullmhúcháin i ndáil le cinneadh a d'fhéadfaí a dhéanamh ina dhiaidh sin chun comhaontú den sórt sin a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Mar ghníomh ullmhúcháin, tá éifeachtaí dlíthiúla aige idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit agus idir institiúidí an Aontais Eorpaigh chomh maith, ach níl éifeachtaí aige i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha agus, dá bhrí sin, ní féidir leis difear a dhéanamh do chearta ná d'oibleagáidí na ndaoine sin[47].

52. Dá bhrí sin, ní féidir agóid a dhéanamh in aghaidh cinntí den sórt sin de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE.

**D. Cinntí ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) CFAE**

53. Foráiltear le hAirteagal 218(9) CFAE go nglacfar cinntí ón gComhairle lena mbunaítear na seasaimh a ghlacfaidh an tAontas i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú idirnáisiúnta, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, nó cinntí lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm comhaontaithe.

54. Is féidir a áitiú nach bhfuil éifeachtaí dlíthiúla i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha ag cinntí ón gComhairle lena mbunaítear na seasaimh atá le glacadh ag an Aontas, amhail gur féidir agóid a dhéanamh ina leith de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE toisc nach ndéantar iontu ach a shainiú an seasamh a bheidh ag ionadaí an Aontais sa chomhlacht idirnáisiúnta atá i gceist. Dá bhrí sin, is cinneadh de chineál ullmhúcháin é cinneadh den sórt sin.

---

[47] Cás T-376/18, *Front populaire pour la libération de la saguia-el-hamra et du rio de oro (Front Polisario) v an Chomhairle*, EU:T:2019:77, mír 28; T-458/17, *Shindler a.o. v an Chomhairle*, EU:T:2018:838, míreanna 39-41; Cás T-754/14, féach fonóta 41, mír 34; Cás C-425/13, *An Coimisiún* v *an Chomhairle*, EU:C:2015:483, mír 28; Cás C-114/12, *An Coimisiún* v *an Chomhairle*, EU:C:2014:2151, mír 40.



PUBLIC

Ní gá cinntí arna nglacadh ag an gcomhlacht idirnáisiúnta sin a bheith ina dtoradh ar chinntí ón gComhairle a ghlactar de bhun Airteagal 218(9) CFAE. Ní gá ach oiread éifeachtaí dlíthiúla i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha a bheith ag na cinntí féin ón gcomhlacht idirnáisiúnta. In éagmais cásdlí soiléir maidir leis an ábhar, áfach, agus i bhfianaise raon leathan na gcinntí ón gComhairle arna nglacadh de bhun Airteagal 218(9) CFAE, ní féidir a shonrú go cinnte nach dtiocfaidh cinntí den sórt sin choíche faoi raon feidhme an athbhreithnithe inmheánaigh dá bhforáiltear sa Togra.

55. Is amhlaidh atá i gcás cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE lena gcuirtear ar fionraí cur i bhfeidhm comhaontaithe. Meabhraítear gur i gcásanna eisceachtúla amháin a dhéanann an Chomhairle cinneadh den sórt sin. Ní féidir a eisiamh, in imthosca áirithe, go bhféadfaí a áitiú go bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag cinneadh den sórt sin i leith daoine nádúrtha agus dlítheanacha. Mar is amhlaidh i gcás cinntí lena dtugtar comhaontuithe idirnáisiúnta i gcrích, bheadh an measúnú ag brath ar chineál an chinnidh agus an chomhaontaithe lena mbaineann, agus ar chearta nó oibleagáidí na dtríú páirtithe i ndáil leis an gcomhaontú, agus ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh éifeacht dhíreach a bheith ag an gcomhaontú idirnáisiúnta féin i leith tríú páirtithe nó an bhfuil gá le bearta cur chun feidhme ina leith ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, ní féidir a eisiamh go bhféadfadh an ceart chun athbhreithnithe inmheánaigh dá bhforáiltear i Rialachán Aarhus a bheith infheidhme i leith cinntí den sórt sin, in imthosca áirithe ar a laghad.

## E. Cinneadh idirmheánach ar ghníomhartha arna nglacadh de bhun Airteagal 218 CFAE

56. Mar chonclúid maidir le hAirteagal 218 CFAE, mar a leagtar amach thuas, in éagmais cásdlí soiléir maidir leis an gceist, ní féidir a eisiamh go bhféadfaí a mheas in imthosca áirithe, i gcás cinntí ón gComhairle maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 218(6) CFAE, go dtagann siad faoi raon feidhme na ngníomhartha atá faoi réir athbhreithniú inmheánach faoin Togra. Is féidir an rud céanna a bheith fíor i leith cinntí ón gComhairle maidir le síniú comhaontuithe idirnáisiúnta de bhun Airteagal 218(5) CFAE, a mhéid a fhoráiltear leis an gcinneadh sin maidir le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe uile atá i gceist nó cuid de, agus i leith cinntí áirithe ón gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE.

PUBLIC

## VI. GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH FAOIN GCONRADH MAIDIR LEIS AN GCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH (EURATOM)

57. D'iarr roinnt toscaireachtaí an féidir gníomhartha arna nglacadh de bhun Chonradh Euratom a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach de bhun Rialachán Aarhus, arna leasú leis an Togra.

58. Thug an Chúirt Ghinearálta aghaidh le déanaí ar an gceist faoi fheidhm a bheith ag Rialachán Aarhus (mar a dhréachtaítear faoi láthair é) maidir le beart arna ghlacadh ar bhonn Chonradh Euratom, i gcás a bhaineann le diúltú rochtain a sholáthar ar dhoiciméid a tarraingíodh suas maidir leis an mbeart sin (Cás T-307/16, *CEE Bankwatch Network v an Coimisiún*, EU:T:2018:97).

59. I mír 46 den bhreithiúnas sin, chinn an Chúirt: *'de réir a theidil, a aithrisí agus a fhorálacha, tá feidhm ag Rialachán Uimh. 1367/2006 maidir le hoibleagáidí faisnéise a thugtar i gcrích faoi chuimsiú coinbhinsiún idirnáisiúnta nach bhfuil an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ina pháirtí ann, eadhon Coinbhinsiún Aarhus. Mar is léir ó Airteagal 1 de Chinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le Coinbhinsiún Aarhus a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO 2005 L 124, lch. 1), rinneadh an coinbhinsiún a fhormheas thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh amháin, arb é an tAontas Eorpach anois é. <u>Toisc nach páirtí sa choinbhinsiún é, ní fhéadfaidh an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach,</u> cheal aon léirithe dá mhalairt, <u>a bheith faoi réir na n-oibleagáidí atá sa rialachán lena gcuirtear an coinbhinsiún sin i bhfeidhm</u>.'* (aistriúchán neamhoifigiúil)(fo-líniú curtha isteach).

60. Mheabhraigh an Chúirt freisin nach gá go mbeadh bearta arna nglacadh faoi Chonradh Euratom faoi réir na n-oibleagáidí is infheidhme faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh. Is <u>eagraíochtaí ar leithligh</u> iad an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an tAontas Eorpach, a bunaíodh le <u>conarthaí ar leithligh</u>, agus a bhfuil pearsantachtaí dlíthiúla ar leithligh acu (mír 47 agus an cásdlí a luaitear inti).

61. Thug sí ar aird go bhfágann Airteagal 106a de Chonradh Euratom go bhfuil forálacha áirithe de chuid CAE agus CFAE infheidhme. Níl Airteagal 192 CFAE, arb é bunús dlí Rialachán Aarhus é, i measc na bhforálacha sin. Dá bhrí sin, ní féidir bearta arna nglacadh ar bhonn Airteagal 192 CFAE a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú Euratom (míreanna 48-49).

62. Tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach raibh feidhm ag Rialachán Aarhus ach amháin faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh, agus nach raibh feidhm aige maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí Euratom (mír 50).

63. I bprionsabal, dá bhrí sin, is léir nach bhfuil gníomhartha arna nglacadh ar bhonn Chonradh Euratom faoi réir fhorálacha Rialachán Aarhus.

64. Os a choinne sin, is fíor i gcás achomharc a bhaineann le cás státchabhrach le déanaí, gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil aidhmeanna i bhfad níos forleithne ag CFAE ná aidhmeanna earnálacha Chonradh Euratom, agus, ós rud é, faoi CFAE, *'go dtugtar inniúlachtaí fairsinge don Aontas Eorpach san iliomad réimsí agus earnálacha, tá feidhm ag rialacha CFAE in earnáil an fhuinnimh núicléach nuair nach bhfuil rialacha sonracha i gConradh Euratom. Dá réir sin, ós rud é nach bhfuil rialacha maidir le státchabhair san áireamh i gConradh Euratom, féadfar Airteagal 107 CFAE a chur i bhfeidhm san earnáil sin.'* (aistriúchán neamhoifigiúil)(Cás C-594/18 P*, An Ostair v an Coimisiún*)[48] (fo-líniú curtha isteach).

65. Lean an Chúirt ar aghaidh agus shonraigh sí, maidir le i Conradh Euratom *'nach ndéileáiltear go hiomlán ann leis na saincheisteanna comhshaoil a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh núicléach. Dá bhrí sin, ní chuirtear bac le Conradh Euratom ar rialacha dhlí an Aontais maidir leis an gcomhshaol a chur i bhfeidhm san earnáil sin.'* (aistriúchán neamhoifigiúil) (mír 41) (fo-líniú curtha isteach). B'amhlaidh an cás i ndáil le forálacha an dlí phríomha, amhail Airteagal 11 CFAE, agus i ndáil le forálacha an dlí thánaistigh. I ndáil leis sin, mheabhraigh an Chúirt go bhfuil feidhm ag Treoir 2011/92/AE, maidir le measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol, maidir le stáisiúin chumhachta núicléacha agus imoibreoirí núicléacha eile (míreanna 42 agus 43).

**48** EU:C:2020:742. Is ionann sin agus an cásdlí a bhí ann roimhe sin lenar chinn an Chúirt, in éagmais rialacha sonracha i gConradh Euratom, go bhféadfaidh feidhm a bheith ag forálacha Chonradh CE. Féach Tuairim 1/94, EU:C:1994:384, inar mheabhraigh an Chúirt nach bhféadfadh forálacha Chonradh CE maolú ar fhorálacha Chonradh Euratom, ach inar rialaigh sí, ós rud é nach raibh aon fhorálacha a bhaineann le trádáil sheachtrach i gConradh Euratom, '*nach raibh aon rud ann lena chosc, i gcás comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích de bhun Airteagal 113 de Chonradh CE (Airteagal 207 CFAE anois), go bhféadfaidh feidhm a bheidh acu maidir le trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí Euratom*' (mír 24, aistriúchán neamhoifigiúil).

PUBLIC

66. Measann SDC go leanann sé as an dá chás sin go bhfuil feidhm ag forálacha Rialachán Aarhus maidir le bearta arna nglacadh de bhun CFAE (nó CAE) a bhaineann le réimse an fhuinnimh núicléach. Níl feidhm acu, áfach, maidir le bearta arna nglacadh de bhun Chonradh Euratom féin, i.e. maidir le cinntí a bhunaítear ar Chonradh Euratom. Níl aon rud sa Togra lena n-athraítear an anailís sin.

PUBLIC

## VII. SRIAN AR AN ÚDARÁS CHUN ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH A IARRAIDH DO '*EINTITIS CHÁILITHE*'

67. Athdheimhnítear i gComhairle ACCC 2021 an anailís a rinne sí in 2017 inar sonraíodh, i ndáil leis an gceart chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh: '*trí gach ball den phobal seachas eagraíochtaí neamhrialtasacha a chomhlíonann critéir Airteagal 11 de Rialachán Aarhus a chosc, mainnítear leis an Rialachán sin Airteagal 9, mír 3*' de Choinbhinsiún Aarhus '*a chur chun feidhme i gceart*'[49].

68. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh siad in amhras an mbeadh sé i gcomhréir leis na Conarthaí leathnú a bheith ar raon feidhme Rialachán Aarhus lena gceadófaí do chatagóir níos leithne eintiteas cáilithe, nó fiú ball den phobal, athbhreithniú inmheánach ar ghníomhartha riaracháin a iarraidh.

69. Rinne SDC trácht freisin ar an gcáineadh sin i dtuairim SDC 2017 (míreanna 37 agus 38). Measann SDC fós go bhféadfaí, ó thaobh an dlí de, Rialachán Aarhus a leasú chun raon feidhme an chirt chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh a leathnú thar an méid dá bhforáiltear sa leagan atá i bhfeidhm faoi láthair de Rialachán Aarhus (le hAirteagal 11 de leagtar amach na critéir nach mór d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chomhlíonadh chun go mbeidís incháilithe chun athbhreithniú inmheánach ar ghníomhartha riaracháin a iarraidh). Is faoi na comhreachtóirí atá sé sin go bunúsach agus cinneadh á dhéanamh acu maidir leis an mbealach is fearr chun ceanglais Choinbhinsiún Aarhus a léiriú i ndáil le forálacha an Choinbhinsiúin sin a chur i bhfeidhm maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais.

---

[49] Mír 37 de Chomhairle ACCC 2021.

70. I ndáil leis sin, tugann SDC dá aire go bhforáiltear le hAirteagal 9(3) den Choinbhinsiún féin go bhféadfaidh Páirtithe critéir a leagan síos a bheidh le comhlíonadh sula bhféadfaidh baill den phobal[50] rochtain a bheith acu ar nósanna imeachta um athbhreithniú riaracháin i ndáil le gníomhartha agus neamhghníomhartha a mheastar a sháraíonn a dhlí comhshaoil. D'admhaigh ACCC freisin gurb ionann athbhreithniú riaracháin a oscailt do gach duine aonair agus *actio popularis* nach gceanglaítear faoin gCoinbhinsiún[51]. Ina ionad sin, tá sé ráite ag ACCC, maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha, nach mór, i gcás na gcritéar a fhorchuirtear, nach mbeidh siad chomh dian sin go mbeidh '*bac ar gach eagraíocht chomhshaoil nó beagnach gach eagraíocht chomhshaoil agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha nó neamhghníomhartha den sórt sin*' (aistriúchán neamhoifigiúil). I dtaca leis sin, meabhraítear gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais, maidir leis na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Aarhus '*go bhfuil discréid leathan acu agus na rialacha á sainiú acu maidir le cur chun feidhme na "nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha"*' dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus[52] (fo-líniú curtha isteach) (aistriúchán neamhoifigiúil).

PUBLIC

## VIII. BARÚLACHA Ó ACCC MAIDIR LEIS AN SAINMHÍNIÚ AR GHNÍOMHARTHA RIARACHÁIN SA TOGRA

### A. Gníomhartha a bhfuil 'éifeachtaí seachtracha acu atá ceangailteach ó thaobh dlí'

71. Athdhearbhaíodh i gComhairle ACCC 2021 an moladh uaidh, a rinneadh den chéad uair in 2017, an téarma '*a bhfuil éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí*' a leasú (fo-líniú curtha isteach), atá ar cheann de na ceanglais maidir lena mheas go dtagann gníomh faoin sainmhíniú ar '*gníomh riaracháin*' sa leagan atá i bhfeidhm faoi láthair den Rialachán agus faoin leagan leasaithe den sainmhíniú sin sa Togra (féach míreanna 12 agus 13 agus fonóta 19 thuas). Measann ACCC go bhfuil an téarma sin róshriantach, agus gur cheart é a leasú chun tagairt a dhéanamh ann do ghníomhartha "*a bhfuil éifeachtaí seachtracha dlíthiúla acu*' (fo-líniú curtha isteach). Aithníonn sé gur gá éifeachtaí dlíthiúla a bheith ag gníomh chun dlí an chomhshaoil a shárú, ach measann sé go bhféadfaí gníomhartha áirithe a eisiamh ó raon feidhme an Togra dá n-áireofaí an téarma '*ceangailteach*'[53].

[50] In Airteagal 2(4) den Choinbhinsiún, sainmhínítear '*an pobal*' mar '*dhuine nádúrtha nó dlítheanach amháin nó níos mó, agus, i gcomhréir le reachtaíocht nó cleachtas náisiúnta, a gcomhlachais, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí*'.

[51] Féach leathanach 194 den Treoirleabhar um Chur Chun Feidhme Choinbhinsiún Aarhus, ina luaitear torthaí an Choiste um Chomhlíonadh i gCás ACCC/C/2005/11.

[52] Cásanna Uamtha C-401/12 P go C-403/12 P, féach fonóta 8, mír 59.

[53] Tuigtear go ginearálta go bhfuil an bhrí chéanna leis an téarma '*éifeachtaí seachtracha*' agus atá le '*éifeachtaí i leith tríú páirtithe*'.

72. Chun aghaidh a thabhairt ar an moladh sin, is gá a mheas an athrófaí raon feidhme an tsainmhínithe go substaintiúil de bharr an focal '*ceangailteach*' a scriosadh.

73. Meabhraítear go ndearna an Chúirt idirdhealú ó am go ham idir gníomhartha '*a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu*' agus gníomhartha '*atá ceangailteach ó thaobh dlí* '. I gcás OIV, maidir leis an sainmhíniú ar ghníomhartha a bhfuil éifeacht dhlíthiúil acu i ndáil le cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(9) CFAE, measadh go mbeadh éifeachtaí dlíthiúla ag na moltaí a rinne an Eagraíocht Idirnáisiúnta Fíona agus Fíniúna, cé nach raibh siad ceangailteach ó thaobh dlí iontu féin, ós rud é go raibh siad '*in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar reachtaíocht* [Aontais]'[54] (aistriúchán neamhoifigiúil).

74. Ar bhonn níos ginearálta, maidir leis an gcoincheap faoina bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag gníomhartha faoi Airteagal 263 CFAE, foráiltear le cásdlí na Cúirte nach mbaineann foirm an ghnímh le hábhar chun a chinneadh an bhfuil éifeachtaí dlíthiúla ag gníomh. Ina ionad sin, is é an rud atá ríthábhachtach éifeachtaí, ábhar agus raon feidhme an ghnímh atá i gceist[55]. I roinnt de na cásanna sin, d'úsáid an Chúirt an téarma '*éifeachtaí dlíthiúla*'[56], i gcomhréir le foclaíocht Airteagal 263, mír 1, CFAE, agus i gcásanna eile, thagair sí do ghníomhartha faoi Airteagal 263 CFAE mar ghníomhartha '*de chineál ceangailteach*'[57] nó a bhfuil '*brí cheangailteach*' leo (agus a bhfuil '*éifeachtaí dlíthiúla*' acu)[58], agus, i roinnt cásanna, thagair sí do na gníomhartha sin mar ghníomhartha a bhfuil '*éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha*'[59] acu *(aistriúchán neamhoifigiúil).*

---

54 Cás C-399/12, *An Ghearmáin v an Chomhairle*, EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

55 Mar a luaitear freisin sa Mheabhrán Míniúcháin a ghabhann leis an Togra, féach leathanaigh 8 agus 9. Féach Cásanna Uamtha 1/57 agus 14/57, *Usines à tubes de la Sarre v an tArd-Údarás*, ECR 1957-1958 lch. 105; Cás 60/81, *IBM* v *an Coimisiún*, EU:C:1981:264, mír 9; Cás 22/70, *An Coimisiún v an Chomhairle*, EU:C:1971:32, mír 42; Cás C-325/91, *An Fhrainc v an Coimisiún*, ECR I-3283, mír 9; Cás C-57/95, *An Fhrainc v an Coimisiún*, EU:C:1997:164, mír 22;
Cás C-147/96, *An Ísiltír* v *an Coimisiún* [2000] ECR I-4723, mír 27; Cásanna Uamtha C-463/10 P agus C-475/10 P, *Deutsche Post agus an Ghearmáin v an Coimisiún*, EU:C:2011:656, mír 36. Sa chiall sin, C-303/90, *An Fhrainc v an Coimisiún*, [1991] ECR I-5315, míreanna 8 agus 10; Cásanna Uamtha C-213/88 agus C-39/89, *Ard-Diúcacht Lucsamburg v an Pharlaimint* [1991] ECR I-5643, mír 15; C-366/88, *An Fhrainc v an Coimisiún*, [1990] ECR I-3571, míreanna 8 agus 11.

56 Cásanna Uamtha 1/57 agus 14/57, ibid.

57 Cás C-57/95, féach fonóta 55, mír 22; Cás C-325/91, féach fonóta 55, mír 26.

58 Cás C-325/91, féach fonóta 55, mír 30.

59 Cásanna Uamtha C-463/10 P agus C-475/10 P, féach fonóta 55, mír 36; féach freisin Cás 60/81, fonóta 55, mír 9 ('*éifeachtaí dlíthiúla... atá ceangailteach*') (aistriúchán neamhoifigiúil).



PUBLIC

75. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear go bhforáiltear le hAirteagal 12 de Rialachán Aarhus go bhféadfar imeachtaí a thionscnamh os comhair na Cúirte '*i gcomhréir le forálacha ábhartha an Chonartha*' agus, dá bhrí sin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 263 CFAE. Mar a luaitear i mír 24 thuas, tá léirmhíniú déanta ag an gCúirt Ghinearálta ar choincheap gnímh a bhfuil '*éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí*' aige, de réir bhrí Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus, mar cheann atá comhsheasmhach le coincheap gnímh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige i leith tríú páirtithe, de réir bhrí Airteagal 263 CFAE[60].

PUBLIC

76. I bhfianaise an chásdlí sin, is réasúnach a mheas nach bhfuil aon difríocht substainte ann, chun críocha an tsainmhínithe ar ghníomh riaracháin faoi Rialachán Aarhus, idir úsáid na dtéarmaí '*a bhfuil éifeachtaí seachtracha dlíthiúla aige*' agus '*a bhfuil éifeachtaí seachtracha aige atá ceangailteach ó thaobh dlí*'. Dá bhrí sin, measann SDC nach n-athródh an leasú a mhol ACCC raon feidhme substainteach an tsainmhínithe ar 'gníomh riaracháin' atá sa Togra. Is féidir déileáil leis sin ar roinnt bealaí. D'fhéadfaí an téarma '*éifeacht sheachtrach atá ceangailteach ó thaobh dlí'* a choinneáil, agus is féidir an fíoras a mhíniú do ACCC go measfar é sin a bheith coibhéiseach leis an téarma '*a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige i leith tríú páirtithe*'. De rogha air sin, d'fhéadfaí glacadh leis an bhfoclaíocht a mhol ACCC, agus d'fhéadfaí teanga mhíniúcháin a chur isteach in aithris lena mhíniú gur cheart an sainmhíniú a léamh i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE agus leis an gcásdlí gaolmhar[61].

**B. Gníomhartha '*arna nglacadh ag institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais*'**

77. I gComhairle ACCC 2021 déantar trácht freisin ar cheann de na hathruithe eile a rinneadh leis an sainmhíniú athbhreithnithe ar '*gníomh riaracháin*' faoin Togra. Tagraítear leis sin do ghníomhartha neamhreachtacha '<u>*a ghlacann*</u> *institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais (...)*' (fo-líniú curtha isteach). Mheas ACCC go bhféadfadh úsáid an téarma '*a ghlacann*' teorainn a chur le '*raon feidhme na ngníomhartha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir agóide faoi Airteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus*'[62] (aistriúchán neamhoifigiúil).

---

**60** Cás T-9/19, féach fonóta 31, mír 149.

**61** D'fhéadfadh sé a bheith ina chur chuige eile leasú a dhéanamh ar fhoclaíocht Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus chun í a ailíniú go díreach le foclaíocht Airteagal 263 CFAE.

**62** Mír 46 de Chomhairle ACCC 2021.

78. Ní dhearna ACCC tuilleadh mionléirithe ar a ábhar imní, ach measann SDC gur féidir na barúlacha ginearálta seo a leanas a thabhairt mar fhreagairt ar an ábhar imní sin.

79. Is réasúnach an téarma 'a ghlacann' a léirmhíniú mar thagairt do ghníomhartha nach bhfuil i ndréachtfhoirm a thuilleadh. Cuireadh bailchríoch ar ghníomhartha den sórt sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir leo agus is féidir leo a bheith faoi réir an nós imeachta um athbhreithniú inmheánach dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán Aarhus, ar choinníoll go gcomhlíonann siad ceanglais eile an tsainmhínithe freisin. Mar a phléitear thuas i mír 74, ba é seasamh comhsheasmhach na Cúirte, i ndáil le hAirteagal 263 CFAE, go bhféadfar agóid a dhéanamh in aghaidh gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla acu i leith tríú páirtithe, beag beann ar a bhfoirm[63]. De réir analaí leis an gcásdlí sin, chun críocha an athbhreithnithe inmheánaigh faoi Rialachán Aarhus, is cuma cén téarma beacht a úsáidtear chun a léiriú gur gníomh de chineál cinntitheach atá i gceist ('*a ghlacann*', "*a fhormhuiníonn*', '*a údaraíonn*' etc.) chun críocha a chinneadh an bhfuil '*éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí*' aige de bhun Airteagal 2(1)(g) de Rialachán Aarhus.

80. Dá bhrí sin, measann SDC nach ndéantar, le húsáid an téarma '*a ghlacann*' i ndáil leis na gníomhartha Aontais a thagann faoin sainmhíniú ar '*gníomh riaracháin*' sa Togra, teorainn a chur le raon feidhme na ngníomhartha ar féidir iad a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach faoi Rialachán Aarhus.

81. Meabhraítear go bhfuil go leor cásanna ann nach dtagraítear sna Conarthaí ach do ghníomhartha 'de chuid' na n-institiúidí[64]. Cur chuige malartach a bheadh ann an fhoclaíocht chéanna a úsáid anseo; ní dhéanfaí aon athrú ar raon feidhme na forála dá bharr sin ach oiread.

## IX. BEARTA CUR CHUN FEIDHME AR LEIBHÉAL NA MBALLSTÁT

82. Déantar idirdhealú sa Togra idir gníomhartha a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais, a ndéantar foráil maidir le hathbhreithniú riaracháin inmheánach ina leith, ach gan sin ach amháin an tráth a nglactar an beart cur chun feidhme atá i gceist, agus gníomhartha a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát, nach ndéantar foráil maidir le hathbhreithniú inmheánach ina leith[65].

---

63 Sa chiall sin, Cás C-147/96, féach fonóta 55, mír 27.
64 Féach, go háirithe, Airteagal 4 CAE agus Airteagal 263 CFAE féin.
65 Féach Airteagal 1(1) agus (2)(a) den Togra.

83. Tugtar le fios i gComhairle ACCC 2021 nach bhfuil sé i gcomhréir le Coinbhinsiún Aarhus gníomhartha an Aontais a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta a bheith díolmhaithe ó athbhreithniú inmheánach. Aithnítear inti nach bhféadfadh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar na bearta náisiúnta cur chun feidhme iad féin. Áitítear inti, áfach, gur cheart athbhreithniú inmheánach ar an ngníomh Aontais a cheadú a luaithe a ghlacfar na bearta náisiúnta cur chun feidhme.

84. Measann SDC go mainnítear a chur san áireamh sa Chomhairle sin sainiúlacht dhlíchóras an Aontais, agus na leigheasanna éagsúla atá ar fáil maidir le gníomhartha Aontais agus gníomhartha náisiúnta i réimse an dlí comhshaoil. I gcás ina gceanglaítear bearta cur chun feidhme náisiúnta i ndáil le gníomh Aontais, ba cheart d'eintiteas cáilithe atá ag féachaint le hagóid a dhéanamh in aghaidh an bhirt sin sásamh a lorg i gcomhréir leis na leigheasanna náisiúnta is infheidhme. Tá sé sin comhsheasmhach leis an gcur chuige a ghlactar i leith gníomhartha rialála a bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist leo in Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE nach féidir a bheith faoi réir caingean le haghaidh neamhniú de bhun na míre sin mar gheall ar na féidearthachtaí atá ann chun agóid a dhéanamh in aghaidh na mbeart cur chun feidhme sin[66]. Meabhraítear gur leathnaíodh raon feidhme na míre sin le Conradh Liospóin, chun foráil a dhéanamh maidir le hathbhreithniú breithiúnach, arna dhéanamh ag iarratasóirí nach bhfuil faoi phribhléid, ar ghníomhartha rialála is dá chúram go díreach, ach gan sin ach sa chás nach bhfuil bearta cur chun feidhme i gceist leo. Mar a léirítear i mír 24 thuas, chinn an Chúirt Ghinearálta, i gCás T-9/19 (*ClientEarth v BEI*), gur cheart gníomhartha ar féidir athbhreithniú inmheánach a dhéanamh orthu de bhun Airteagal 10 de Rialachán Aarhus a léirmhíniú i gcomhréir le forálacha Airteagal 263 (mír 149 den bhreithiúnas).

85. Maidir le leigheasanna náisiúnta, sa bhreis ar aon fhéidearthachtaí riaracháin i dtaobh athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta náisiúnta cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith ann, tá bealaí sásaimh bhreithiúnaigh ann lena soláthraítear fóram iomchuí chun agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht gnímh Aontais a ndearnadh na bearta cur chun feidhme sin ar a bhonn.

[66] CONV 636/03; CONV 619/03; Meitheal Oibre II de chuid an Choinbhinsiúin Eorpaigh – Doiciméad Oibre Uimh. 21 an 7 Deireadh Fómhair 2002.



PUBLIC

86. Is féidir an méid sin a dhéanamh trí imeachtaí a thionscnamh i gcoinne na mbeart náisiúnta cur chun feidhme in imeachtaí breithiúnacha sa Bhallstát atá i gceist, inar féidir leis an iarratasóir a phléadáil gur gníomh neamhbhailí é an gníomh Aontais a gceanglaítear an cur chun feidhme náisiúnta sin ina leith. Sa chomhthéacs sin, ní mór don chúirt náisiúnta réamhrialú a iarraidh ar an gCúirt, de bhun Airteagal 267 CFAE, maidir le bailíocht an ghnímh Aontais[67].

87. Mar a léirítear i mír 17 thuas, ceanglaítear le hAirteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus go gcuirfear leigheasanna riaracháin nó leigheasanna breithiúnacha ar fáil le haghaidh gníomhartha lena sáraítear an dlí comhshaoil, ach ní cheanglaítear an dá rud. Measann SDC go bhfuil eisiamh ón athbhreithniú inmheánach i gcás gníomhartha Aontais a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, amhail dá bhforáiltear sa Togra, comhsheasmhach le bunphrionsabail dhlíchóras an Aontais agus lena chóras athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

## X. CONCLÚID

88. Mar chonclúid, is é seo a leanas tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle:

a) ba cheart an sainmhíniú ar '*gníomhartha riaracháin*' ar féidir athbhreithniú inmheánach a dhéanamh orthu de bhun Airteagal 10 de Rialachán Aarhus a shoiléiriú tuilleadh sa dréacht-téacs ionas go mbeidh sé níos soiléire go gcumhdaítear leis an gcoincheap sin gníomhartha a bhfuil raon feidhme aonair acu agus gníomhartha rialála ar féidir agóid a dhéanamh ina n-aghaidh de bhun Airteagal 263, an ceathrú mír, CFAE;

b) tá an leathnú atá beartaithe ar an nós imeachta um athbhreithniú inmheánach chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil raon feidhme ginearálta acu a chumhdach, mar a leagtar amach sa Togra, comhoiriúnach le hAirteagal 263, an ceathrú mír, CFAE;

---

67 C-456/13 P, *T & L Sugars e Sidul Açúcares v an Coimisiún*, EU:C:2015:284, míreanna 29-31; C-274/12 P, *Telefónica v an Coimisiún*, EU:C:2013:852, míreanna 27-29; C-583/11 P, féach fonóta 33, mír 93.



PUBLIC

c) in éagmais cásdlí soiléir maidir leis an ábhar, ní féidir a eisiamh, in imthosca áirithe, go bhféadfadh cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(5) CFAE ina ndéantar foráil maidir le cur i bhfeidhm sealadach, chomh maith le cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(6) agus Airteagal 218(9) CFAE, a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach de bhun Rialachán Aarhus, má leasaítear é mar a bheartaítear;

d) tá feidhm ag forálacha Rialachán Aarhus maidir le bearta arna nglacadh de bhun CFAE (nó CAE) a bhaineann le réimse an fhuinnimh núicléach, ach níl feidhm acu maidir le bearta arna nglacadh de bhun Chonradh Euratom;

e) is féidir, ó thaobh an dlí de, má chinneann reachtas an Aontais amhlaidh, Rialachán Aarhus a leasú chun leathnú a dhéanamh ar raon feidhme an chirt chun athbhreithniú inmheánach a iarraidh thar an gcoincheap '*eintitis cháilithe*' dá bhforáiltear in Airteagal 11 den leagan atá i bhfeidhm faoi láthair den Rialachán sin;

f) chun críocha Rialachán Aarhus, agus i bhfianaise chásdlí na Cúirte Breithiúnais, níl aon difríocht shubstainteach idir an téarma '*éifeachtaí seachtracha atá ceangailteach ó thaobh dlí*' agus an téarma '*éifeachtaí seachtracha dlíthiúla*' sa sainmhíniú ar '*gníomh riaracháin*';

g) ní fhágann úsáid an téarma '*a ghlacann*' (sa Togra) maidir le gníomhartha riaracháin a fhéadfaidh a bheith faoi réir athbhreithniú inmheánach go gcuirtear srian ar raon feidhme an athbhreithnithe sin;

h) an t-eisiamh (sa Togra) ón nós imeachta um athbhreithniú inmheánach ar fhorálacha de chuid gníomhartha riaracháin a gceanglaítear ina leith bearta cur chun feidhme ar leibhéal na mBallstát, tá sé comhsheasmhach le córas athbhreithnithe bhreithiúnaigh an Aontais agus le hAirteagal 9(3) de Choinbhinsiún Aarhus.

---

PUBLIC